Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Meitheamh 2026
(OR. en)

10088/26

IXIM 124
JAI 721
ENFOPOL 207
CH 21
FL 17

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar:	CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an dáta a chinneadh óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a bhaineann le sonraí dachtalascópacha a sholáthar don Eilvéis agus do Lichtinstéin

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE

an …

maidir leis an dáta a chinneadh óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a bhaineann le sonraí dachtalascópacha a sholáthar don Eilvéis agus do Lichtinstéin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2022/2536 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne[1],

[1] IO L 328, 22.12.2022, lch. 94, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2536/oj.

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2022/2537 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne[2],

[2] IO L 328, 22.12.2022, lch. 96, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2537/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle um Chur Chun Feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne, chomh maith leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle um Chur Chun Feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne (‘na Comhaontuithe’), foráiltear do chomhar cómhalartach idir údaráis inniúla forfheidhmithe dlí na mBallstát, ar thaobh amháin, agus an Eilvéis agus Lichtinstéin, ar an taobh eile, maidir le malartú uathoibríoch sonraí ADN, sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithiclí.

(2) Tá na Comhaontuithe ina gceangal ar an Aontas agus ar a Bhallstáit de bhua Chinntí (AE) 2022/2536 agus (AE) 2022/2537, faoi seach, Cinntí atá bunaithe ar Airteagal 82(1) agus Airteagal 87(2)(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

(3) I gcomhréir le hAirteagal 8(7) den dá Chomhaontú, ní sholáthróidh na Ballstáit sonraí pearsanta dá bhforáiltear faoi na Comhaontuithe sin go dtí go mbeidh forálacha Chaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle[3] curtha chun feidhme i ndlíthe náisiúnta na hEilvéise agus Lichtinstéin, faoi seach. Chun a fhíorú na forálacha sin a chur chun feidhme, déanfar cuairt mheastóireachta agus triail phíolótach san Eilvéis agus in Lichtinstéin. Tá siúd cosúil leis na cuairteanna meastóireachta agus trialacha píolótacha a déanadh i leith na mBallstát de bhun Chaibidil 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle[4].

(4) De réir Airteagal 8(7), an tríú fomhír, de na Comhaontuithe, tugtar cumhachtaí cur chun feidhme don Chomhairle d'fhonn an dáta nó na dátaí a chinneadh óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a sholáthar don Eilvéis agus do Lichtinstéin.

---

[3] Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/615/oj).

[4] Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac (IO L 210, 6.8.2008, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/616/oj).

(5) I mí na Samhna 2024 agus i mí Iúil 2025 faoi seach, dhréachtaigh an Chomhairle ceistneoirí tiomnaithe a bhaineann le cosaint sonraí agus malartú uathoibríoch sonraí dachtalascópacha agus sheol sí chuig an Eilvéis agus Lichtinstéin iad. I mí na Bealtaine 2025 agus i mí Iúil 2025, faoi seach, chuir an Eilvéis agus Lichtinstéin a bhfreagraí faoi seach ar na ceistneoirí a bhaineann le cosaint sonraí agus malartú uathoibríoch sonraí dachtalascópacha ar fáil don Chomhairle. Ina dhiaidh sin, tugadh na freagraí sin don fhoireann measúnaithe fhreagrach.

(6) An 21 Eanáir 2026, rinneadh meastóireacht choiteann ar an Eilvéis agus ar Lichtinstéin maidir le cuardaigh uathoibrithe ar shonraí dachtalascópacha. Cuireadh san áireamh sa mheastóireacht an de bhun chomhaontaithe déthaobhaigh idir an Eilvéis agus Lichtinstéin, go stórálann Lichtinstéin na sonraí dachtalascópacha aici ina n-iomláine i mbunachar sonraí uathoibrithe na hEilvéise um shainaithint méarlorg. Déanann an Eilvéis saineolas fóiréinseach a phróiseáil agus a sholáthar do Lichtinstéin freisin. Tá rochtain fhairsing ag pearsanra údaraithe ó Lichtinstéin ar bhunachar sonraí bithmhéadrach na hEilvéise freisin chun a sonraí dachtalascópacha agus pearsanta féin a uaslódáil agus chun sonraí atá stóráilte sa bhunachar sonraí bithmhéadrach a chuardach agus a rochtain. Ó thaobh na teicneolaíochta de, tá Lichtinstéin nasctha le bunachar sonraí uathoibrithe na hEilvéise um shainaithint méarlorg trína tacar sonraí, ar an gcaoi chéanna le cantún Eilvéiseach.

(7) Faoi chuimsiú na meastóireachta, rinneadh triail phíolótach rathúil le haghaidh malartú sonraí dachtalascópacha idir an Eilvéis agus Lichtinstéin, ar thaobh amháin, agus an Ostair, ar an taobh eile.

(8) An 22 Aibreán 2026, cuireadh tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta, ina ndéantar achoimre ar thorthaí na gceistneoirí, na cuairte meastóireachta agus na trialach píolótaí, faoi bhráid na Comhairle. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil mheastóireachta go bhfuil na gnéithe lena gcumasaítear malartú uathoibrithe sonraí dachtalascópacha leis na Ballstáit de bhun Airteagal 8(7) de na Comhaontuithe curtha chun feidhme go rathúil ag an Eilvéis agus ag Lichtinstéin ar leibhéal dlíthiúil, oibríochtúil agus teicniúil.

(9) Comhlíonann an Eilvéis agus Lichtinstéin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 8(7) de na Comhaontuithe agus dá bhrí sin ba cheart iad a bheith i dteideal sonraí pearsanta a fháil arna soláthar ag na Ballstáit de bhun na gComhaontuithe.

(10) Tá Éire faoi cheangal ag na Comhaontuithe de bhua Chinntí (AE) 2022/2536 agus (AE) 2022/2537 agus dá bhrí sin tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur chun feidhme an Chinnidh seo, ar leis a chuirtear na Comhaontuithe chun feidhme.

(11) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Chun críoch sonraí dachtalascópacha cuardaigh agus comparáide uathoibrithe, féadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a sholáthar don Eilvéis agus do Lichtinstéin ón 1 Iúil 2026 de bhun an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle um Chur Chun Feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de bhun Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne, agus de bhun an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle um Chur Chun Feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de bhun Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha, faoi seach.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Iúil 2026.

Arna dhéanamh in/sa …, …

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán